# Central Statistics Office
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

# Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2002 – Imleabhar 2 – Aoiseanna agus Stádas Pósta

**Is í Gaillimh cathair na ndaoine singil in Éirinn**

Tá coibhneas níos airde daoine singil i nGaillimh agus i Maigh Nuad, a deir tuairisc nua ón bPríomh Oifig Staidrimh inniu.

Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2002 Imleabhar 2 – Aoiseanna agus Stádas Pósta,* a chuireann mionthorthaí eile ar fáil ón Daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán 2002. Tá na figiúirí deireanacha don daonra ar fáil sa tuairisc seo rangaithe de réir aoise, gnéis agus stádais phósta do na ceantair shonraithe sa tír. (Féach nóta an eagarthóra).

Léiríonn an tuairisc nua go raibh 42.5% den daonra sa Stát iomlán a bhí ós cionn 15 singil agus go raibh 47.1% den daonra pósta (gan daoine a bhí scartha a bheith san áireamh). Bhí an 10.4% eile ina mbaintreacha nó scartha (colscartha san áireamh).

Ach, i gCathair na Gaillimhe agus i Maigh Nuad – áiteanna ina bhfuil ollscoileanna lonnaithe – a mhalairt a bhí fíor. Is daoine singil iad 57.6% den daonra i gCathair na Gaillimhe agus is daoine pósta iad 33.9% de dhaonra na cathrach, i Maigh Nuad bhí tromlach na ndaoine singil freisin áit a raibh 53.3% den daonra singil agus 40% pósta.

D'fhás líon na ndaoine singil ós cionn 175,000 (15.5%) idir 1996 agus 2002 i gcomparáid le méadú de bheagnach 100,000 (7.2%) daoine pósta thar an tréimhse chéanna.

I gceantair tuaithe bhí 52.5% den daonra a bhí 15 agus ós a chionn pósta (gan iad siúd a bhí scartha a bheith san áireamh) agus 37.4% singil, ach i gceantair uirbeacha bhí 43.5% pósta agus 45.9% singil. Is bailte (a mbruachbhailte agus ceantair mháguaird san áireamh) ina bhfuil 1,500 daoine nó níos mó ina gcónaí atá i gceist le ceantair uirbeacha.

**An coibhneas is airde daoine scartha i Luimneach**

Léiríonn an tuairisc ón bPOS freisin go bhfuil an coibhneas is airde daoine scartha i gCathair Luimní ag 11.7%. Tá an figiúr seo bunaithe ar líon na ndaoine scartha, colscartha san áireamh, curtha in iúl mar chéatadán de na daoine a bhí pósta riamh, baintreacha san áireamh. Ina dhiaidh sin bhí Cathair Átha Cliath (10.6%). Ag an taobh eile den scála, is i gCo an Chabháin a bhí an líon is ísle daoine scartha ag 4.9% de na daoine a phós riamh.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
LoCall 1890 313 414
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
GlaoÁitúil 1890 313 414
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
Ríomhphost info@cso.ie

**Níos mó seandaoine i gceantair tuaithe i gcomhréir le ceantair uirbeacha**

Is daoine atá 65 nó ós a chionn iad 11.1% de dhaonra iomlán an Stáit. Ach, tá níos mó seandaoine i gceantair tuaithe i gcomhréir le ceantair uirbeacha. Is daoine atá 65+ iad 10.2% den daonra uirbeach (gach baile ina bhfuil 1,500 daoine nó ós a chionn) ach is seandaoine iad 12.5% de dhaonra na gceantar tuaithe (gach áit eile).

Sa rannóg bailte le daonra de 1,500+ is é an Neidín i gContae Chiarraí an baile ina bhfuil an coibhneas is airde daoine atá 65 agus ós a choinn le 22.9% den daonra san aoisghrúpa sin.

**Meath i líon na ndaoine faoi 14**

Is leanaí idir 0 agus 14 iad 21.1% de dhaonra an Stáit, síos ó 23.7% i 1996. Sa bhliain 2002 is 20.2% a bhí ann i gceantair uirbeacha agus 22.5% i gceantair tuaithe.

Mhéadaigh an daonra a bhí 15 agus ós a chionn faoi 11.7% idir 1996 agus 2002, don chuid is mó mar gheall ar an inimirce ghlan ard a bhí ann ó lár na 1990aidí.

Sna 1970aidí bhí an cóimheas cleithiúnaithe óga, is é sin an daonra atá in aois 0-14 léirithe mar chéatadán den daonra atá in aois oibre (15-64 bliana), ag an uasphointe. Ach, ó shoin tá meath tagtha air go dtí íosphointe de 31.2% i 2002.

**Nóta an eagarthóra:**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 19 Meitheamh 2003, ag leibhéal Stáit de na sonraí ó imleabhair 1-4, 8, 11 agus 12 de na mionthuairiscí daonáirimh. Tá figiúirí den chineál sin ag leibhéal sonraithe geografach ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 2, a cuireadh ar fáil inniu.

Tá na táblaí foilsithe atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2002 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (. Tá táblaí a bhaineann leis na leibhéil seo a leanas ar fáil ar an suíomh idirlín amháin – Toghcheantar, Toghcheantar Áitiúil agus baile beag.

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh
nó
Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2
Praghas: €15.
Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6

| | |
|---|---|
| Fiosrúcháin daonáirimh: | (01) 498 4000 folíne 4284-4288. |
| Facs: | (01) 497 2360 |
| Ríomh-phost: | census@cso.ie |
| Idirlíon: | http://www.cso.ie |


*An Phríomhoifig Staidrimh* *31 Iúil 2003*

**– CRÍOCH –**